SPARÁNACHT RÉIGIÚNACH IONAD TYRONE GUTHRIE

TREOIRLÍNTE

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

Clár na nÁbhar

Réamhrá 3
Céard iad aidhmeanna agus cuspóirí na sparánachta? 3
Cé atá incháilithe chun an Sparánacht a fháil? 3
Critéir 4
Measúnú 4
D'iarratas a Chomhlánú 5
D'iarratas a Dhéanamh 5
Coinníollacha d'Iarrthóirí Rathúla 5
Saoráil Faisnéise 6
Cosaint Sonraí 6
Fiosrúcháin 6

Réamhrá

Spriocdháta Iarratais 20.04.23

Tairgeann breis is 27 údarás áitiúil ar fud Oileán na hÉireann sparánachtaí a chuireann ar chumas ealaíontóirí coicís a chaitheamh in Ionad Tyrone Guthrie. Clúdaíonn gach sparánacht costas bia agus lóistín, agus is féidir stiúideo a úsáid más gá freisin. Cúis áthais d'Oifig Ealaíon Chomhairle Cathrach na Gaillimhe an deis seo a thairiscint do bheirt ealaíontóirí a bhfuil cónaí orthu i gCathair na Gaillimhe. Tá tuilleadh eolais maidir le hIonad Tyrone Guthrie le fáil ag www.tyroneguthrie.ie

Céard iad aidhmeanna agus cuspóirí na sparánachta?

(i) Tacú le raon éagsúil ealaíontóirí am agus spás ar ardchaighdeán a rochtain ionas gur féidir leo infheistiú ina gcleachtais phearsanta, ghairmiúla agus ealaíne.

(ii) Tacú le healaíontóirí a gcuid oibre a roinnt leis na pobail a bhfuil siad páirteach iontu, trí thaispeántais, taibhithe, léamha agus torthaí poiblí eile.

(iii) Cur le comhpháirtíochtaí Ionad Tyrone Guthrie le húdaráis áitiúla agus feidhmiú mar chomhpháirtíocht shuntasach trasteorann idir Tuaisceart Éireann agus Poblacht na hÉireann.

Cé atá incháilithe chun an Sparánacht a fháil?

(i) Cleachtóirí Cruthaitheacha Aonair atá ag obair sna disciplíní seo a leanas:

Ailtireacht	Ealaín Fuaime
Ealaíona Pobail	Amharclann
Sorcas	Na hEalaíona Traidisiúnta
Na healaíona digiteacha	Ildisciplíneach
Damhsa	Ceol
Féile	Ceoldráma
Scannán & Físeán	Amharc-ealaín
Litríocht	

(i) Tá cead ag daoine a bhfuil cónaí orthu i limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe cur isteach ar an sparánacht seo. Má tá cónaí ort i gContae na Gaillimhe,

tá scéimeanna cosúla á reáchtáil ag Oifig Ealaíon Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a bhfuil tú incháilithe iarratas a dhéanamh orthu.

(ii) Iarrthóirí atá níos sine ná 21 bhliain d'aois.

Critéir

A	**Caighdeán agus Uaillmhian Ealaíne** - Caighdeán do chuid oibre agus do mhodheolaíocht oibre - Fianaise go bhfuil tú ag obair ar thaispeántas, foilseachán nó taibhithe a mbeadh deis fanacht san Ionad ag tacú lena leithéid	25%
B	**Samplaí de Chaighdeán Oibre agus Cúlra Ealaíne** - Breithniú ar do chúlra agus dea-theist le fianaise sna healaíona - Fianaise ar ghnóthachtáil shuntasach i do rogha réimse nó an cumas dul chun cinn a dhéanamh	25%
C	**Tionchar Féideartha ar Fhorbairt Ealaíne Duine Aonair** - Cibé acu an mbeidh nó nach mbeidh tionchar cuiditheach agus dearfach ag an obair seo ar do chleachtas/gairm ealaíne	25%
D	**Indéantacht** - Soiléire do thogra agus cad is mian leat a bhaint amach mar thoradh ar an méid ama a chaitheann tú in Ionad Tyrone Guthrie - Do chumas an obair seo a thabhairt chun críche go rathúil	25%

Measúnú

Breithneoidh Coiste Comhairleach Ealaíne, a bheidh ceaptha ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe, gach iarratas. Déanfaidh an Coiste Comhairleach Ealaíne athbhreithniú ar d'iarratas agus bronnfar scór bunaithe ar cé chomh maith is a éiríonn leat na critéir thuasluaite a chomhlíonadh. Cuirfear na scóir seo le chéile agus bunófar liosta ord fiúntais. Ainneoin go mbeidh ról suntasach ag an liosta ord fiúntais sna cinntí maoinithe, ní hé seo an t-aon fhachtóir atá le cur san áireamh. Sa phróiseas Measúnaithe cuirfear san áireamh na meáin, na

cleachtais agus an poitéinseal atá ag gach iarrthóir forbairt ealaíne a dhéanamh. Chomh maith leis sin, taifeadfaidh an Coiste Comhairleach Ealaíne aiseolas maidir le gach iarratas a d'fhéadfadh iarrthóirí a lorg.

D'iarratas a Chomhlánú

- Ná déan dearmad go mbeidh roinnt daoine páirteach sa phróiseas cinnteoireachta agus cinntigh go bhfuil d'iarratas soiléir, beacht agus gan débhrí.
- Ná glac leis go bhfuil aithne ag an bpainéal roghnúcháin ort ná ar do chuid oibre – caith le gach iarratas amhail is gurb é an chéad iarratas atá déanta agat.
- Ná déan dearmad go ndéantar d'iarratas a mheas bunaithe ar an eolas a cuireadh ar fáil laistigh den chomhthéacs iomaíoch agus go bhfuil go leor iarratas eile á meas freisin.

Ní mór an méid seo a leanas a chur ar fáil le gach iarratas:

- Fianaise ar Sheoladh
- C.V. – ná téigh thar 2 leathanach
- Sampla de do chuid oibre a d'fhéadfaí a áireamh ina measc - íomhánna, téacs, cumadóireacht, fuaim agus/nó fís.

D'iarratas a Dhéanamh

Eiseofar admháil fhoirmiúil maidir le d'iarratas le huimhir thagartha laistigh de choicís ón dáta a bhfaightear d'iarratas. Mura bhfaigheann tú an chumarsáid seo laistigh den fráma ama sin, is ortsa atá an fhreagracht teagmháil a dhéanamh leis an Oifig Ealaíon. Ní mór duit a chinntiú go bhfuil na doiciméid iarrtha ar fad ceangailte le d'fhoirm iarratais ar líne. Glacfar leis go bhfuil d'iarratas neamhbhailí mura ndéanann tú an méid seo a leanas:

- Seol foirm iarratais chomhlánaithe ar aghaidh
- Seol na doiciméid iarrtha ar fad le d'fhoirm iarratais (ní féidir glacadh le doiciméid bhreise i ndiaidh an spriocdháta)
- Seol d'iarratas ar aghaidh faoin 20.04, 2023.

Tabhair faoi deara –

Dícháileofar an t-iarrthóir mar thoradh ar stocaireacht. Déantar gach iarratas a mheas bunaithe ar an ábhar atá le fáil san iarratas. Ní rachaidh teagmháil a dhéantar roimh ré leis an oifig ealaíon sa chomhthéacs seo chun tairbhe d'iarratais.

Coinníollacha d'Iarrthóirí Rathúla

- Ní mór an chónaitheacht a reáchtáil in 2023
- Ní mór aitheantas a thabhairt do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ar gach ábhar poiblíochta, preasa agus margaíochta a chuirtear i dtoll a chéile i ndáil leis an gcónaitheacht agus ar aon torthaí ealaíne de réir ár dTreoirlínte Aitheantais, anseo.
- Má athraítear imeacht nó tionscadal, nó má chuirtear a leithéid ar athlá nó ar ceal – go hiomlán nó i bpáirt – ní mór teagmháil a dhéanamh leis an Oifig Ealaíon chun an cheist a phlé.
- Ní mór cuntas scríofa den eispéireas cónaitheachta, lena n-áirítear an tionchar a bhí aige ar chleachtas an ealaíontóra, a chur ar fáil don Oifig Ealaíon laistigh de choicís ón gcónaitheacht.

Saoráil Faisnéise

Tá fáilte romhat aiseolas a lorg maidir leis an gcúis nár éirigh le d'iarratas. Moltar a leithéid d'aiseolas a lorg de bhrí go mb'fhéidir go gcabhródh sé leat iarratais eile a fhorbairt do sparánachtaí eile amach anseo. Foilseofar sonraí na n-iarrthóirí a n-éiríonn leo ar ár suíomh gréasáin agus cainéil meán sóisialta.

Geallann Comhairle Cathrach na Gaillimhe aon fhaisnéis a chuireann iarrthóirí ar fáil faoi réir a cuid oibleagáidí faoin dlí a choimeád faoi rún, lena n-áirítear Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Iarrtar ar iarrthóirí breithniú a dhéanamh ar cibé acu ar cheart nó nár cheart aon chuid den eolas a cuireadh ar fáil a nochtadh mar gheall ar chúrsaí íogaireachta. Má tá sé seo i gceist, ba cheart d'iarrthóirí, nuair a bhíonn faisnéis á cur ar fáil acu, an fhaisnéis sin a shainaithint agus na cúiseanna atá leis an íogaireacht a shonrú. Mura gcuirtear in iúl go bhfuil a leithéid d'fhaisnéis íogair agus i ndiaidh breithniú a dhéanamh, má chinneann Comhairle Cathrach na Gaillimhe nach bhfuil an fhaisnéis íogair, ansin d'fhéadfaí a leithéid d'fhaisnéis a chur ar fáil mar thoradh ar fhreagairt Saorála Faisnéise gan dul i gcomhairle leis na hiarrthóirí arís. Rachaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe i gcomhairle le haon iarrthóirí maidir le faisnéis íogair roimh chinneadh a dhéanamh maidir le haon iarratas a fhaightear faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

Cosaint Sonraí

Coimeádfar an fhaisnéis phearsanta ar fad a fhaightear de réir ár mBeartas Cosanta Sonraí. Ar fáil, anseo.

Fiosrúcháin

Seol r-phost chuig foireann na hOifige Ealaíon ag arts@galwaycity.ie má tá aon cheist agat agus scríobh “Fiosrúchán maidir le hIonad Tyrone Guthrie 2023” i líne an ábhair